


01/12/2021 – 05/12/2021

CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH

zoom




## Teachtaireacht ón Choiste Eagrúcháin

Agus Nollaig 2021 ag druidim linn, tá muid ag tarraingt ar dheireadh bhliain chorraitheach eile ach tá lúcháir orainn go bhfuil muid ag pilleadh ar na healaíona beo de réir a chéile agus ábalta bheith ar ais i dteannta a chéile arís agus níl am níos fearr le sin a dhéanamh ná aimsir na Nollag.

Is fleadh faoi leith í Fleadh Feirste a léiríonn bunluachanna an phobail Ghaelaigh in iarthar na cathrach mar atá an chomhpháirtíocht, an chomhbhá agus an chomhghuaillíocht. Tá lúcháir orainn go dtáinig grúpaí éagsúla le chéile leis an chlár ildaite, ildánach agus ilchineálach a chur faoi bhur mbráid. Is de thoradh an chomhoibrithe sin a d'éirigh linn clár imeachtaí a chur le chéile a thugann léargas ar phobal fuinniúil, flúirseach, Gaelach na Ceathrún Gaeltachta agus na gceantar máguaird.

Sa bhliain chomórtha seo, déanann muid ceiliúradh ar 30 bliain ó bunaíodh an Chultúrlann agus Coláiste Feirste, mar aon le caoga bliain ó bunaíodh an chéad bhunscoil sa Tuaisceart, Bunscoil

Phobal Feirste. Tugann an clár seo na forbairtí sin chun cuimhne arís le himeachtaí ar leith amhail agallamh Raidió Fáilte le Séamus Ó Tuama, Príomhoide Bhunscoil Phobal Feirste, a bhí ina dhalta ag Coláiste Feirste agus a chaith seal mar mhúinteoir ann; agus dinnéar 'Cothaigh', arna eagrú ag Forbairt Feirste, a bhfuil 'Caomhnóireacht' mar théama aige i mbliana agus an nasc idir an Chultúrlann agus Eaglais Phreispitéireach an Bhealaigh Leathain faoi chaibidil ag na haoichainteoirí.

Beidh ceol binn Bernadette Morris le cloisteáil i Muileann Mhic Con Midhe a bhuí le hÁras Uí Chonghaile agus déanfaidh Conradh na Gaeilge agallamh spreagúil leis an Ollamh Mícheál Ó Mainnín dírithe ar logainmneacha. Beidh imeacht ceiliúrtha á óstáil ag Glór na Móna a dhíreoidh ar an dlúthbhaint idir pobal agus a gceantar áitiúil agus i nDánlann Dillon, seolfar taispeántas speisialta de shaothair ó Bhailiúchán Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann.

Díreofar spotsolas ar na scríbhneoirí fosta nó seolfaidh An Ceathrú Póilí leabhar nua le Darach Ó Scolaí, 'Súil an Daill', i rith na fleidhe, mar aon leis an leabhar draíochtúil 'Daidí na Nollag' arna scríobh ag Laureate na nÓg Áine Ní Ghlinn agus arna mhaisiú ag Mr Ando.

Beidh scléip na Nollag chun tosaigh go mór sa gheamaireacht, An Nollaig Dhraíochta, agus beidh an fear mór sa chulaith dhearg ar cuairt fosta, ar ndóigh. Aoi thar a bheith speisialta a lasfaidh soilse na Nollag dúinn i mbliana – Dáithí Mac Gabhann, Gael óg ó iarthar Bhéal Feirste agus laoch an fheachtais 'Is Deontóir Mé'. Beidh an Cheathrú Ghaeltachta faoi sholas is faoi spiorad na Nollag le linn na Fleidhe agus is léiriú é Fleadh Feirste ar dhíograis an phobail ildánaigh chruthaithigh atá inár dtimpeall agus bheireann muid cuireadh croíúil duit bheith páirteach inti agus sult a bhaint aisti.




# Message from Organising Committee

As 2021 comes to a close, we bid farewell to another odd year but we are delighted to be returning in person to events and to be able to celebrate with one another again, and what better time to celebrate than Christmas!

Fleadh Feirste demonstrates the core values of the Irish language community in the west of the city: working together and common mission. We're delighted that various groups have come together to produce this versatile and varied programme. It's because of this partnership that we were able to put together a programme of events that represents the creative, energetic, generous Irish language community in the Gaeltacht Quarter.

This year, we celebrate thirty years since the founding of the Cultúrlann and Coláiste Feirste along with fifty years of since the first bunscoil in the North, Bunscoil Phobal Feirste, opened

its doors. . This programme recalls all of this with a Raidió Fáilte interview with Bunscoil Phobal Feirste principal Séamus Ó Tuama who was both a pupil and teacher in Coláiste Feirste, along with the annual 'Cothaigh' dinner, organised by Forbairt Feirste, which this year is celebrating 'Custodianship', and explores the link between Cultúrlann McAdam Ó Fiaich and Broadway Presbyterian Church..

The beautiful music of Bernadette Morris will be heard in Conway Mill courtesy of Áras Uí Chonghaile; Conradh na Gaeilge will host a fascinating interview on place names with Professor Mícheál Ó Mainnín; Glór na Móna will host an eventcelebrating community and local places; and the much anticipated ACNI Collection will launch in the Dillon Gallery. –

The best of new literature will be showcased with the launch of Dárach Ó Scolaí's new book, 'Súil an Daill', and the magical 'Daidí na Nollag' written by Children's Laureate Áine Ní Ghlinn and illustrated by Mr Ando. The Christmas panto, The Magical Christmas, promises all sorts of high jinks and of course we will have the big man in the red suit visiting the Cultúrlann.

To bring the festival to a close, we're honoured to welcome a special guest to switch on the Cultúrlann Christmas lights – Dáithí Mac Gabhann, a young Gael from west Belfast and hero of the 'Is Deontóir Mé' campaign. An Cheathrú Ghaeltachta will be awash with the light and spirit of Christmas and all of the events in this programme are a testament to the hard work of our multi-talented and creative community, and we invite you to enjoy and take part.

Nollaig | December

| Imeacht \| Event | Áit Place | Eagraíocht Organisation |
|---|---|---|
| **Geamaireacht \| Panto:An Nollaig Dhraíochtúil**<br>*02/12/2021 – 03/12/2021*<br>*Am \| Time - 10:30am* | Cultúrlann | Aisling Ghéar; Cultúrlann McAdam Ó Fiaich |
| **Ceol sa Chaife le Sochaí Thraidisiúnta Ollscoil Naomh Mhuire**<br>*01/12/21 - 03/12/21*<br>*Am \| Time - 12:30 pm* | Bia, Cultúrlann | Cultúrlann McAdam Ó Fiaich |
| **Laoi Lae na Nollag**<br>*01/12/21 - 05/12/21*<br>*Am \| Time - 7:00pm* | Facebook | Cultúrlann McAdam Ó Fiaich |
| **Ag Tógáil Caisleán: Agallamh le Séamus Ó Tuama**<br>*02/12/21*<br>*Am \| Time - 7:00pm* | Raidió Fáilte 107.1fm | 107.1 fm Raidió Fáilte |
| **Seoladh Thaispeántas Ealaíne: Bailiúchán na Comhairle Ealaíne**<br>*02/12/2021*<br>*Am \| Time - 7:00pm* | Dánlann Dillon | Cultúrlann McAdam Ó Fiaich |
| **Imeacht Cheiliúrtha Oidhreachta - 'Faoi Scáth an tSléibhe- Connecting People and Place in the Upper Springfield Area'**<br>*03/12/21*<br>*Am \| Time - 1:00pm* | Gael-Ionad Mhic Goill | Glór na Móna Pobal & Óige |
| **Shared Space: The Place-Names of Ireland**<br>*03/12/21*<br>*Am \| Time - 2pm* | Cultúrlann | Conradh na Gaeilge |
| **Ceolchoirm: Bernadette Morris**<br>*03/12/2021*<br>*Am \| Time - 7:00pm* | Muillean Mhic Con Midhe Conway Mill | Áras Uí Chonghaile James Connolly Visitor Centre |

Nollaig | December

| Imeacht \| Event | Áit Place | Eagraíocht Organisation |
|---|---|---|
| **Cothaigh: Léacht agus Dinnéar Bliantúil \| Annual Lecture and Dinner**<br>*03/12/2021*<br>*Am \| Time - 7:30pm* | Bia, Cultúrlann | Forbairt Feirste |
| **Geamaireacht \| Panto: An Nollaig Dhraíochtúil**<br>*04/12/2021*<br>*Am \| Time - 12:00pm* | Amharclann, Cultúrlann | Aisling Ghéar; Cultúrlann McAdam Ó Fiaich |
| **Seoladh Leabhair: Súil an Dáil le Darach Ó Scolaí**<br>*04/12/2021*<br>*Am \| Time - 1:00pm* | Dánlann Dillon | An Ceathrú Póilí |
| **Geamaireacht \| Panto: An Nollaig Dhraíochta**<br>*04/12/2021*<br>*Am \| Time - 6:00pm* | Amharclann, Cultúrlann | Aisling Ghéar; Cultúrlann McAdam Ó Fiaich |
| **Pluais Santa & Ceardlann Ealaíne \| Grotto Santa & Art Workshop**<br>*05/12/21*<br>*Am \| Time - 1:00 - 2:30pm* | Taiscuamar, Cultúrlann | Cultúrlann McAdam Ó Fiaich |
| **Seoladh Leabhair \| Book Launch: Daidí na Nollag**<br>*05/12/21*<br>*Am \| Time - 3:00pm* | Dánlann Dillon | An tSnáthaid Mhór |
| **Lasadh Soilsí na Nollag \| Switching on the Christmas Lights**<br>*05/12/2021*<br>*Am \| Time - 4:00pm* | Cultúrlann | Cultúrlann McAdam Ó Fiaich |

AR AON AMHARC | AT A GLANCE

# Geamaireacht | Panto: An Nollaig Dhraíochtúil

Tá an Nollaig ag teacht agus tá Séamus an seanghréasaí bróg faoi bhrú. Níl radharc na súl chomh géar 's a bhí agus tá na horduithe ag teacht isteach go pras. Cad é a dhéanfaidh sé? Le beagán draíochta ó dhaoine beaga b'fhéidir go mbeadh Nollaig mhaith ag an seanghréasaí. Le ceol agus cuairteoir speisialta sa mheascán tá Aisling Ghéar agus an Chultúrlann ríshásta leagan úr den seanscéal seo, scríofa ag Nuala Ní Néill, a chur ar an ardán, beo beathach do Nollaig 2021!

Christmas is coming and Séamus the shoemaker is under pressure. His eyesight isn't what it once was and the orders are coming in thick and fast. What is he going to do? With a little magic from some little people perhaps Christmas can be saved. With music and a special visitor in the mix, Aisling Ghéar and an Chultúrlann are delighted to present a new version of this old story, by Nuala Ní Néill, to celebrate Christmas back on stage!



## Taispeántas Scoile | School Showing

**02|12|21 - 03|12|21**
**10:30am – 11:15am**
**£3.00 an pháiste | per child**
**Áit | Place: Amharclann Mhic Cionnaith, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**
**Ticéid | Tickets: culturlann.ticketsolve.com/shows**

## Léiriú Teaghlaigh | Family Showing

**04/12/2019**
**12:00pm – 12:45pm | 6:00pm - 6:45pm**
**£5.00 an duine | per person**
**Áit | Place: Amharclann Mhic Cionnaith, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**
**Ticéid | Tickets: culturlann.ticketsolve.com/shows**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

Aisling Ghéar
COMPÁNTAS AMHARCLAINNE



## Ceol sa Chaife le Sochaí Thraidisiúnta Ollscoil Naomh Mhuire

Tá lúcháir orainn fáilte a chur roimh Chumann Ceoil Thraidisiúnta Choláiste Ollscoile Naomh Muire go seisiún mór ceoil idir amhráin Nollag agus fhoinn thraidisiúnta agus ceol tíre i gcoitinne. D'ainneoin bheith ar cheann de na cumainn is úire sa choláiste, is cinnte go bhfuil sé ar cheann de na cumainn is láidre agus go leor ball ann, idir cheoltóirí agus eile.

We are delighted to welcome the fantastic St Mary's University College Traditional Music Society to Cultúrlann Mc Adam Ó Fiaich for a fantastic music session encompassing Christmas carols, well-known and traditional tunes, and folk tunes as well. Despite being one of the newest societies in the College, the Trad Society is certainly one of the strongest with many members, including musicians and others.

**01|12|21 - 03|12|21**
**12:00pm – 2:00pm**
**Áit | Place: Bia, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**



## Laoi Lae na Nollag

Beidh sraith speisialta d'amhráin ghalánta agus de dhánta galánta Nollag againn ar na meáin shóisialta a bhuí le plúr na gceoltóirí lena n-áirítear, Gráinne Holland, John Boy Ó Muireagáin, Edel Ní Churraoin, Brighde Chaimbeul, Jamie Murchadh, Zoe Conway, John McIntyre, Eoghan Edwards, Bernadette Morris agus Ciarán Quinn.

We'll have a beautiful series of Christmas songs and poems going out across our social media channels courtesy of the most talented of musicians including, Gráinne Holland, John Boy Ó Muireagáin, Edel Ní Churraoin, Brighde Chaimbeul, Jamie Murchadh, Zoe Conway, John McIntyre, Eoghan Edwards, Bernadette Morris and Ciarán Quinn.

**01|12|21 - 05|12|21**
**7:00pm**
**Áit | Place: Facebook, Instagram, Twitter, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE




fm 107.1 Raidió Fáilte www.raidiofailte.com

## Ag Tógáil Caisleán: Agallamh le Séamus Ó Tuama

Beidh Somhairle Mag Uidhir ag déanamh comhrá le Séamus Ó Tuama, príomhoide Bhunscoil Phobal Feirste. *"De réir a chéile a thógtar na caisleáin,"* mar a deir an seanfhocal.
Is iardhalta de chuid na Bunscoile é Séamus - an mac is sine ag Diarmuid Ó Tuama, a bhí ar cheann de na chéad mhúinteoirí ar an Bhunscoil agus ina phríomhoide le linn tréimhse bharrthábhachtach i saol na scoile. D'fhreastail Séamus ar Choláiste Feirste mar dhalta agus ina dhiaidh sin bhí sé ina mhúinteoir ann, roimh philleadh ar an Bhunscoil dó mar phríomhoide. Beidh sé ag caint le Somhairle faoina shaol sa dá scoil, mar dhalta, mar mhúinteoir, mar thuismitheoir agus mar phríomhoide agus iad ag ceiliúradh 50 bliain agus 30 bliain ar an fhód faoi seach.

Somhairle Mag Uidhir will be in conversation with Séamus Ó Tuama, principal of Bunscoil Phobal Feirste. A past pupil of the bunscoil, Séamus is the eldest son of Diarmuid Ó Tuama who was one of the first teachers in the school and led the school as principal during one of the most important periods of the school. Séamus attended Coláiste Feirste as a pupil and later as a teacher before returning to Bunscoil Phobal Feirste as principal. He will be speaking with Somhairle about his life in the two schools as a pupil, teacher, parent and principal as the schools celebrate 50 and 30 years respectively, since their inception.

**02|12|21**
**7:00pm**
**Áit | Place: Ráidió Fáilte, 107.1fm**





Arts Council of Northern Ireland
Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann
Airts Cooncil o Norlin Airlann

# Seoladh Taispeántais: Bailiúchán na Comhairle Ealaíon

Cuimsíonn an taispeántas tábhachtach seo réimse saothar ó Bhailiúchán na Comhairle Ealaíon a dhíríonn ar an éagsúlacht chultúrtha faoi mar a léirítear í trí chleachtas ealaíne i réimse meán. Déanann an taispeántas ceiliúradh ar éagsúlacht ealaíontóirí Thuaisceart Éireann agus cuimsíonn sé péintéireacht, grianghrafadóireacht, ceardaíocht, déanamh priontaí agus volíníocht.

This important exhibition features a range of works from the ACNI Collection, marking cultural diversity explored through artistic practice, executed in a range of media. The exhibition celebrates the diversity of Northern Ireland's artists and includes painting, photography, craft, printmaking and drawing. The selection of work showcases both artists at the very beginning of their careers and the more established.

**02|12|21**
**7:00pm**
**Áit | Place: Dánlann Dillon, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**
**Cláraigh | Register: culturlann.ticketsolve.com**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE




# Imeacht Cheiliúrtha Oidhreachta

## Heritage Celebration Event

Tá clú agus cáil ar Uachtar Chluanaí agus ar mhórcheantar Bhaile Uí Mhurchú as cumas eiseamláireach an phobail seo tionscadail spreagúla féinchuidithe a fhorbairt thar tréimhse 50 bliain. Is é aidhm an tionscadail seo an stair folaigh sin a nochtadh agus acmhainn pobail a dhéanamh di a dhaingníonn agus a neartaíonn bród an phobail agus a ndlúthbhaint leis an cheantar áitiúil. Ag an imeacht seo, taispeánfar clár faisnéise fá stair an cheantair, seolfar suíomh idirlín idirghníomhach agus seolfar taispeántas fisiciúil a dhéanann achoimre ar obair an tionscadail ar stair an cheantair.

The Upper Springfield and Greater Ballymurphy area is renowned for its exemplary ability to develop ground-breaking community self-help initiatives spanning over 50 years and our project aims to preserve, showcase and make this hidden history accessible as a valuable community resource that helps embed and strengthen the communities pride and connection to local place. At the event, we will launch an end of project documentary film; an interactive website and a physical exhibition that summarises the work of the project on this history of the area.

**Cuirfear bia agus soláistí ar fáil/**
**Food and Refreshments will be provided**

**03/12/19**
**1:00 pm**
**Áit | Place: Gael-Ionad Mhic Goill**
**Saor in aisce | Free admission**
**Cláraigh | Register:**
**Feargal@glornamona.com**




Conradh na Gaeilge

# Shared Space:

## The Place-Names of Ireland

Beidh muid i mbun agallaimh leis an Ollamh Mícheál Ó Mainnín maidir le cúrsaí logainmneacha.

Tá Mícheál Ó Mainnín ina ollamh le Gaeilge agus an Léann Ceilteach in Ollscoil na Banríona agus tá spéis ar leith aige sa teangeolaíocht, sa litríocht, agus i gcaidreamh na hÉireann le Gaeltacht na hAlban. Is é a bhunaigh an iris acadúil *Léann* agus tá sé ina stiúrthóir ar Thionscadal Logainmneacha Thuaisceart Éireann agus ar an bhunachar leictreonach a bhaineann leis ( www.placenamesni.org ).

Beidh muid ag caint faoi stair na logainmneacha, an tábhacht a bhaineann leo agus iad mar chuid dár n-oidhreacht choiteann.

An interview with Professor Mícheál Ó Mainnín on the Place-Names of Ireland.

Mícheál Ó Mainnín is a Professor of Irish and Celtic Studies in Queen's University Belfast and has particular interests in linguistics, literature, and relations between Ireland and Gaelic Scotland. He is the founder of the academic journal Léann and is Director of the Northern Ireland Place-Name Project and its electronic database ( www.placenamesni.org ).

This conversation will explore the history of place-names in Ireland, and their importance as part of our shared heritage.

**03/12/19**
**2:00 pm**
**Áit | Place: Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**
**Saor in aisce | Free admission**
**Cláraigh | Register: lauren@cang.ie**

CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH



Áras Uí Chonghaile
JAMES CONNOLLY
VISITOR CENTRE

## Ceolchoirm Bernadette Morris arna léiriú ag Áras Uí Chonghaile

In 2013, bhí Bernadette Morris ar an stáitse den chéad uair le léiriú spleodrach de 'All The Ways That You Wander', bailiúchán traidisiúnta don chuid is mó, i mBéarla agus i nGaeilge, a fuair ardmholadh ó Tommy Sands agus ó Paul Brady. Ag tógáil ar rath a céad albam, lean Bernadette uirthi ag dul i bhfeidhm ar luchtanna féachana fud fad na hÉireann agus níos faide i gcéin lena cur chuige úr i leith amhráin tíre agus a bailiúchán d'ábhar nua, atá ag fás i gcónaí, agus a shuíonn go compordach leis an seánra traidisiúnta agus leis an cheol tíre. Thacaigh Bernadette le cuid de na hainmneacha is mó ó thaobh an cheoil tíre agus traidisiúnta de thar na blianta lena n-áirítear Cara Dillon, Eddi Reader agus Julie Fowlis. Rinne sí féin agus a banna camchuairteanna rathúla sa Ghearmáin, sa Bheilg agus sna Stáit Aontaithe. Le déanaí, chuir Bernadette camchuairt i gcrích san Astráil ag tosú ag an Fhéile Naisiúnta Cheilteach in Portarlington agus ag dul ar aghaidh go Melbourne agus Sydney.



Tyrone singer Bernadette Morris made a striking debut with 2013's All The Ways That You Wander, a mainly traditional collection, in both English and Irish, which won praise from no less an authority than Tommy Sands and Paul Brady. Building on the success of her debut album, Bernadette continued to wow audiences throughout Ireland and beyond with her fresh take on traditional Irish folk songs and her growing collection of new material which fit comfortably into the trad and folk genre. Over the years Bernadette has supported some stalwarts of the folk and traditional music scene including Cara Dillon, Eddi Reader and Julie Fowlis. Bernadette and her band enjoyed successful tours of Germany and Belgium as well as the USA. More recently Bernadette has completed a Tour in Australia, beginning at the National Celtic Festival in Portarlington and continuing in Melbourne and Sydney.

**03/12/2021**
**7:00pm**
**£10.00**
**Áit | Place: Muileann Mhic Con Midhe | Conway mill**
**Ticéid | Tickets:**
**www.arasuichonghaile.com**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

# Cothaigh: Léacht agus Dinnéar Bliantúil

## Annual Lecture and Dinner



Reáchtálann Forbairt Feirste léacht agus dinnéar bliantúil le linn Fleadh Feirste ar mhórthéama na fiontraíochta agus na forbartha faoin teideal 'Cothaigh'. Le cúpla bliain anuas tá scoth na bpríomhchainteoirí ard-phróifíle idirnáisiúnta tugtha chuig an Cheathrú Ghaeltachta ag Forbairt Feirste. I mbliana, is é an Ró-Oirmhinneach an Dr David Bruce, Modhnóir na hEaglaise Preispitéirí in Éirinn a bheidh ina aoichainteoir.

Spreag Cothaigh malartú smaointe, taithí agus ceachtanna a chuir go mór le múnlú ár gcuid uaillmhianta agus ár dtreorach. Is suntasach scála na deise athghiniúna atá romhainn agus muid ag cothú na coda seo den chathair mar cheantar atá nua-aimseatha mar aon le bheith ina thobar saibhir oidhreachta. I mbliana, is é an téama atá leis an léacht ná 'Céiliúradh Caomhnóireachta'

Forbairt Feirste hosts an annual lecture and dinner during Fleadh Feirste on the overarching theme of celebrating entrepreneurship and development, entitled 'Cothaigh', from the Irish to nourish. Over the past couple of years Cothaigh has brought a selection of high profile and international keynote speakers to the Gaeltacht Quarter. This year's guest speaker is the Right Rev Dr David Bruce. Moderator of the Presbyterian Church in Ireland.

Cothaigh has energised an exchange of ideas, experiences and lessons that have helped shape our ambition and our direction. The scale of the regeneration opportunity that lies ahead in nurturing this area as being both distinctly modern and rich in heritage is significant. This year, the theme of the lecture is: 'Celebrating Custodianship'.

**03/12/2021**
**7:30pm**
**Áit | Place: Bia, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**

**Ar cuireadh amháin | Invitation only**

Forbairt Feirste
Ag Fiorú na Ceathrún Gaeltachta

# Seoladh Leabhair:

## 'Súil an Daill' le Darach Ó Scolaí


Beidh Darach ag léamh sleachta as a úrscéal nua, Súil an Daill, le tionlacan ar na píoba ó Maurice Bradley.

**An leabhar**

Tir Eoghain 1539: Conn Bacach ina thiarna agus a chlann mhac in iomaíocht lena fhabhar a thuilleamh. Seo é scéal Chonchúir Mhic Ardail: cléireach, ardfheidhmeannach, athair. Is í forbairt agus cur chun cinn an tiarnais fís Chonchúir. Idir é agus fíorú na físe tá iliomad rud — guagacht a mháistir, éad na n-uaisle, cistí folmha, cúraimí clainne, agus a laigeachtaí féin mar dhuine. Anuas orthu sin ar fad, tá mac an tiarna ann, Feilimí Caoch Ó Néill, an gaiscíoch mealltach ar mian le Conchúr é a mhúnlú mar phrionsa Eorpach ar an déanamh nua.

**An t-údar**

Scríbhneoir agus foilsitheoir é Darach Ó Scolaí. Ghnóthaigh a úrscéal An Cléireach (Leabhar Breac, 2007) Duais an Oireachtais 2007 agus Gradam Uí Shúilleabháin 2008. Foilsíodh úrscéal leis *Na Comharthaí* in 2014, agus in 2017 foilsíodh *Táin Bó Cuailnge*, saothar a bhuaigh Duais Chuimhneacháin Aodáin Mhic Phóilin 2017 agus Gradam Uí Shúilleabháin 2018. Ar a shaothar do dhaoine óga




tá na leabhair *An Bradán Feasa* agus *Dóiteoir na Samhna* agus *Bodach an Chóta Lachna*. Bhain a dhráma Coinneáil Orainn Duais UaitéirUí Mhaicín (2005) agus an BBC Stewart Parker Award (2006).

Moltóirí an Oireachtais

*"Úrscéal thar a bheith soifisticiúil ... Tour de force stíle agus reacaireachta..."*

— Gearóid Denvir

*"Léitheoirí a chuireann spéis sna seanscéalta méithe snasta loinnreacha... bhainfidís sásamh agus taitneamh as cumhacht shuntasach an tsaothair stairiúil seo."*

— Breandán Ó Conaire

**Ghnóthaigh Súil an Daill Duais an Oireachtais in 2019.**




**The book**

Tyrone 1539: Conn Bacach reigns supreme and his sons compete to gain his favour. This is the story of Conchúr Mac Ardail: clerk, senior councillor, and father. The modernisation of the lordship, is Conchúr's dream, Many things stand between him and its fulfilment — a headstrong master, jealous nobles, empty coffers, and his own human failings.

On top of all that there's the lord's son, Feilimí Caoch, a charismatic warrior-prince who Conchúr wishes to remould as a modern European ruler.

**The author**

Darach Ó Scolaí is a writer, playwright, and publisher.

His novel *An Cléireach* (Leabhar Breac, 2007) won the Oireachtas Prize 2007 and Gradam Uí Shúilleabháin 'Book of the Year' 2008, and his retelling of *Táin Bó Cuailnge* won the Aodán Mac Póilin Memorial Prize 2017 and Gradam Uí Shúilleabháin 'Book of the Year' 2018.). For young readers he has written *An Bradán Feasa, Dóiteoir na Samhna* and *Bodach an Chóta Lachna* in the series 'Fionn'. His play *Coinneáil Orainn* (2006) won the Walter Macken Prize (2005) and a BBC Stewart Parker Award (2006).

**Súil an Daill won the 2019 Oireachtas Prize.**

---

**Cuirfear sólaistí ar fáil | Refreshments provided.**

**04/12/2019**

**1:00pm**

**Áit | Place: Dánlann Dillon, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**

**Saor in aisce | Free admission**



## Pluais Dhaidí na Nollag | Santa Claus's Grotto

Ná cailligí an deis bualadh le Daidí na Nollag agus é ag tabhairt cuairt ar Chultúrlann McAdam Ó Fiaich agus ar na páistí ar fad le Gaeilge! Gheobhaidh na páistí maithe uilig bronntanas galánta ar an lá, an leabhar úrnua, ***Daidí na Nollag***, atá scríofa ag Laureate na nÓg, Áine Ní Ghlinn agus maisithe ag Mr Ando! Agus tú ag fanacht le bualadh leis an fhear é féin, thig leat sult a bhaint as ceardlann ealaíne spraíúil a bheidh ag tarlú ag an am céanna.

Don't miss the chance to meet Daidí na Nollag while he is visiting Cultúrlann McAdam Ó Fiach and all the Irish-speaking children! All the good children will get a wonderful present on the day, the fantastic new book, ***Daidí na Nollag***, written by Children's Laureate Áine Ní Ghlinn and illustrated by Mr Ando! While you wait to meet the man himself there will be a fun art workshop also taking place.

**05/12/2021**
**1:00pm – 2:30pm**
**£5.00 an páiste | £5.00 per child**
**An Taiscumar, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**
**Ticéad | Tickets: www.culturlann.ticketsolve.com**

CULTÚRLANN MCADAM Ó FIAICH

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE




An tSnáthaid Mhór

## **Daidí na Nollag:** Scéalaíocht le hÁine Ní Ghlinn

Tá gach rud ann.

Tá na síofraí ar bís.

Téann Daidí na Nollag

Tríd an liosta arís.

Oíche Nollag atá ann agus tá Daidí na Nollag réidh le dul timpeall an domhain sa charr sleamhnáin. Caithfidh sé an liosta a sheiceáil uair amháin eile. Tá sceitimíní ar na síofraí. Tá sceitimíní ormsa. Is aoibhinn liom an Nollaig. Céard fútsa?



**Maidir le hÁine Ní Ghlinn**
Scríbhneoir do pháistí agus file í Áine Ní Ghlinn. Tá níos mó ná 30 leabhar scríofa aici agus tá a lán duaiseanna scríbhneoireachta buaite aici. Tá sí ina Laureate na nÓg don tréimhse 2020 – 2023. Caitheann sí a lán ama ag obair le daoine óga agus í ag cabhrú leo dánta agus scéalta a scríobh.



**Maidir le Mr Ando**
Béal Feirsteach ó dhúchas é Andrew Whitson, ealaíontóir a bhfuil duaiseanna bainte aige agus arb é an tUasal Ando an t-ainm is rogha leis. Cónaíonn sé i seanteach atá neadaithe i gcoim cnoc ceomhar, ar imeall coill draíochta, taobh thíos de chaisleán finscéalach atá buailte le srón fathaigh.

Join us for a magical Christmas story as told by Áine Ní Ghlinn and a little art demo by the talented Mr Ando. The sleigh is packed. The reindeer are ready to go. Santa is going through the list one last time. The elves are excited. I'm getting really excited. How about you?

**About Áine Ní Ghlinn**
Áine Ní Ghlinn is a poet and children's writer. She has written more than 30 books to date and is Ireland's Laureate na nÓg/Children's Literature Laureate 2020 – 2023. She loves spending time with young people helping them to write their own poems and stories.

**About Mr Ando**
Andrew Whitson Is an award winning artist from Belfast who goes by Mr Ando. He lives an old house buried within the nook of a foggy hill, at the edge of a magic forest beside a legendary castle at the peak of a giant's nose.

**05/12/2019**
**3:00pm**
**Áit | Place: Amharclann Nic Cionnaith, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**
**Saor in aisce | Free admission**
**Ticéad | Tickets:**
**www.culturlann.ticketsolve.com**

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE





Is Deontóir Mé
Deonú Orgán

# Lasadh Shoilse na Nollag

## Switching on the Christmas Lights

Lasfar soilse na Nollag le haíonna speisialta agus is cinnte go spreagfar spiorad na Nollag ionat. Fosta, fógrófar buaiteoirí chomórtas ealaíne na scoileanna agus beidh maróga Nollag blasta agus scailtín fíona ar fáil ó chaifé Bia.

Tá aoi speisialta againn i mbliana le soilse Nollag na Cultúrlainne a lasadh. Beidh Dáithí Mac Gabhann linn, buachaill óg ó iarthar Bhéal Feirste agus laochan feachtais 'Is Deontóir Mé'. Lasfaidh sé soilse na Nollag agus beidh deis ar an lá tuilleadh a fhoghlaim faoin fheachtas deonaithe orgán agus beidh tú in ann d'ainm a chur le clár na ndeontóirí orgán.

The Christmas tree lights will be switched on by special guests and will no doubt inspire your Christmas spirit. We will also announce the winners of the school Christmas art competition and there will be mince pies and mulled wine in Bia Restaurant.

We have a special guest this year to light the Christmas lights. Dáithí Mac Gabhann, young boy from Belfast and hero of the 'Is Deontóir Mé' campaign. He will light the Christmas lights and there will be a chance on the day to learn more about the campaign for organ donation and to sign up to the organ donor register.

**05/12/2019**
**4:00pm**
**Saor in aisce | Free admission**
**Áit | Place: Cultúrlann McAdam Ó Fiaich**

# Na Meáin Shóisialta

## Social Media

Tá neart ábhar speisialta ar fáil ar na meáin shóisialta atá againn faoi láthair. Tabhair ‘like’ dúinn agus lean muid ar na hardáin éagsúla le go bhfeicfidh sibh an réimse siamsaíochta a chuireann muid ar fáil.

We are producing plenty of interesting material on our social media platforms at the minute. Please like and follow our pages to see the variety of material being produced to keep you entertained.

BRÚIGH ANSEO
CLICK HERE

FLEADH FEIRSTE

CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH

## Maoinitheoirí

CISTE OIDHREACHTA HERITAGE FUND

Foras na Gaeilge

Arts Council of Northern Ireland
Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann
Airts Cooncil o Norlin Airlann

An Roinn Pobal

Comhairle Chathair Bhéal Feirste

## Pairtnéirí

Áras uí Chonghaile
James Connolly Visitor Centre

glór na móna

Aisling Ghéar
COMPÁNTAS AMHARCLAINNE

SVP
Society of St. Vincent de Paul

An tSnáthaid Mhór
Irish publisher of content for children of all ages

Forbairt Feirste
Ag Fíorú na Ceathrún Gaeltachta

Conradh na Gaeilge

An Ceathrú Póilí

Bia
BIALANN
RESTAURANT

Is Deontóir Mé
Deonú Orgán

## Pairtnéir mhargaíochta

Fáilte Feirste Thiar
PROMOTING WEST BELFAST TOURISM
www.visitwestbelfast.com

## Pairtnéir sna meáin

fm 107.1
Raidió Fáilte
www.raidiofailte.com